

Conas na Samplaí agus Teimpléid Pholasaí a Úsáid

Tacaíonn na samplaí/teimpléid a chuirtear ar fáil anseo leat, mar sholáthraí luathbhlianta, do shraith féin polasaithe, nósanna imeachta agus ráiteas a fhorbairt le riachtanais sna [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#) a shásamh. Cuireann na samplaí/teimpléid tacaíocht ar fáil duit sa bhreis ar an eolas a chuirtear ar fáil sna príomhriachtanais sna hagusíní de [Tusla: Creat Cáilíochta agus Rialála \(CCR\)](#). Ní mór duit féachaint ar an CCR agus aon cheann de do pholasaithe, nósanna imeachta agus ráitis á scríobh nó á n-athbhreithniú agat.

Ní mór gach ceann de na príomhriachtanais atá leagtha amach sa CCR a chur san áireamh i do pholasaithe, agus tá na príomhriachtanais sin cuimsithe ag na samplaí/teimpléid atá curtha ar fáil anseo. Cuireann na samplaí faisnéis bhreise ar fáil chomh maith, agus d'fhéadfaí go ndéanfá cinneadh iad a chur san áireamh i do pholasaithe le feabhas breise a chur ar an inneachar polasaí agus caighdeán do chleachtais.

Déantar tagairt d'fhoinní eolais ábhartha eile, cosúil leis na creataí náisiúnta cáilíochta ([Síolta: An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige](#); [Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige](#); [An Creat Cigireachta atá dírithe ar Oideachas Luathbhlianta](#) na Roinne Oideachais agus Scileanna), chomh maith le hacmhainní teorach maidir le cleachtas ar ardchaighdeán laistigh de na polasaithe ábhartha.

Ní bhaineann na samplaí/teimpléid go sainiúil le haon scoil. Mar sin, baineann siad le raon suíomhanna luathbhlianta a chuireann cineálacha difriúla seirbhísí cúraim agus oideachais ar fáil do leanaí suas go dtí sé bliana d'aois. Ní bhainfidh gach gné de gach polasaí samplach nó teimpléad le gach suíomh. Mar shampla, d'fhéadfaí go mbeadh gnéithe ann nach mbaineann le hoibreoirí aonair nó le feighlithe leanaí. Fút féin atá sé, agus polasaí nua á scríobh nó polasaí á nuashonrú agat do do shuíomh, na gnéithe ábhartha, cuí agus riachtanacha a aithint agus a úsáid.

Ní mór duit sraith polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt atá sainiúil do do shuíomh féin, don chineál seirbhíse a oibríonn tú, do na teaghlaigh a úsáideann do sheirbhís (faoi láthair nó amach anseo), agus do do chomhthéacs ar leith féin.

Is féidir úsáid a bhaint as cuid mhór den téacs sna samplaí/teimpléid gan iad a athrú agus do pholasaithe nó nósanna imeachta féin á scríobh agat **chomh fada is a léiríonn an téacs an cleachtas de réir mar atá sé, nó de réir mar atáthar ag súil leis go mbeidh sé, i do sheirbhís/suíomh féin.**

Níl sé beartaithe go ndéanfar téacs atá scríofa *i gcló iodálach* sna samplaí/teimpléid a chóipeáil i do théacs nó a úsáid go díreach i do pholasaithe féin. Baintear úsáid as *cló iodálach* le hachóimre a thabhairt ar na rudaí breise ar cheart breathnú orthu agus do pholasaí, nós imeachta agus ráiteas, nó cleachtas ginearálta á bhforbairt

agat. Chomh maith leis sin, tugann *cló iodálach* le fios cad ba cheart a scríobh idir na lúibíní d'fhonn an doiciméad críochnaithe a phearsantú.

Chun am a shábháil, is féidir na samplaí/teimpléid atá curtha ar fáil a íoslódáil mar dhoiciméad Word ar do ghléasanna leictreonacha féin (ríomhaire pearsanta, ríomhaire glúine, srl.) agus téacs a chur leis nó a athrú, de réir mar is cuí, le do pholasaithe, nósanna imeachta agus ráitis féin a chruthú. Is féidir iad sin a shábháil ansin i bhFillteán Polasaí agus a phriontáil de réir mar is gá. Is féidir monatóireacht, athbhreithniú agus athrú a dhéanamh orthu de réir mar is gá.

Nóta: Má luann polasaithe samplacha nó teimpléid "go gcoinneofar taifid de réir riachtanais GDPR", ní mór do sholáthraithe seirbhíse, mar Rialaitheoirí Sonraí, bheith soiléir maidir le cé chomh fada is a choinneofar na sonraí pearsanta agus na cúiseanna a gcoinneofar an fhaisnéis lena n-aghaidh. Mar shampla, leagtar amach tréimhsí coinneála cuí do thaifid ar leith i suíomh luathbhlianta sna [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#). Féach an t-aguisín sa doiciméad [Tusla: Creat Cáilíochta agus Rialála \(CCR\)](#) dar teideal 'Amfhráma um Choinneáil Tréimhse Seirbhíse'. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse bheith aireach ar na riachtanais reachtúla a bhaineann leo.